

# Comhairle na Gaelscolaíochta



COMHAIRLE  
NA GAELSCOLAÍOCHTA



## Plean Corparáideach

### 2019-2021

---

# Comhairle na Gaelscolaíochta

## Plean Corparáideach 2019-2021

1. Réamhrá an Chathaoirligh
2. Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh
3. Brollach agus Cúlra
4. Struchtúr Eagraíochtúil faoi Láthair
5. Fís, Misean agus Aidhmeanna
6. Treoirphrionsabail
7. Bord Stiúrthóirí Chomhairle na Gaelscolaíochta
8. Eagraíochtaí Comhpháirtíochta

---

# 1. Réamhrá an Chathaoirligh

---

Sa bhliain 2020, beimid ag comóradh fiche bliain de Chomhairle na Gaelscolaíochta, eagraíocht a chuir an Roinn Oideachais ar bun i 2000 chun an Ghaelscolaíocht a spreagadh agus a éascú. Cé go raibh roinnt scoileanna ar bun cheana féin, is iontach an dul chun cinn atá déanta ag an earnáil i rith an ama sin agus idir náischoileanna, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna/sruthanna, tá chóir a bheith céad aonad ar bun faoi láthair.

Déanta na fírinne, turas eachtrúil a bhí ann, nár tharla go héasca. Is minic go raibh streachailt mhór ann leis na húdaráis; bhí strus agus stró ann. Gan amhras, de réir mar a rachaimid ar aghaidh leis an Phlean seo, is cinnte go mbeidh na fadhbanna céanna againn agus ag an earnáil ach is cinnte fosta go mbeidh rath orainne sna blianta atá romhainn, díreach mar a bhí sna blianta roimhe seo. Is léir go bhfuil fás ann fós i líon na dtuismitheoirí ar mhaith leo a gcuid páistí a chur ar Ghaelscoileanna agus tá líon na scoileanna agus líon na ndaltaí ag fás ó bhliain go bliain. Tríd an phlean seo, beidh an Chomhairle in ann cuidiú agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd ar mhaith leo scoil a bhunú nó a fhorbairt, treoir a thabhairt dóibh siúd a bhíonn ag obair i scoileanna nó ar son scoileanna agus ceannasaíocht a thabhairt don earnáil ina hiomlán.

Ta súil againn go mbeimid ag aistriú oifige go foirgneamh úr ag an Bhealach Leathan sa Bhliain Úr agus tá mé cinnte, agus muid athlonnaithe i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta, go mbeidh ré úr órga rathúil i ndán do Ghaelscolaíocht sna blianta atá romhainn.

G.P.A. Adams, Cathaoirleach

## 2. Réamhrá an Príomhfheidhmeannaigh

Agus muid ag breathnú i dtreo ár bPlean Corparáidigh do na trí bliana amach romhainn, is fiú machnamh a dhéanamh ar na dúshláin a bhí roimh an eagraíocht ó 2015-19.

Le linn na tréimhse sin, rinne an Chomhairle athbhreithniú agus athstruchtúrú ar an mBord Bainistíochta, gur laghdaigh é ó 22 go 14 ball, agus thug isteach córais nua rialachais agus rinne mór-athstruchtúrú foirne. Tríd an tréimhse athraithe seo, lean an Chomhairle ag obair agus ag déanamh ionadaíochta ar an earnáil ó Réamhscoil go hIar-bhunscoil, ag cinntiú fás agus forbairt leanúnach i rith na tréimhse. In 2015, bhí 5,525 dalta san Earnáil Iar-bhunscoil ar fad i dtuaisceart Éireann. Faoi bhliain 2019, mhéadaigh sé sin go dtí 6,519, fás foriomlán de 18%.

<b>Fás san Earnáil 2015-2019</b>	
<b>Cineál Scoile</b>	<b>Leibhéal Fáis</b>
<b>Réamhscoil Iar-bhunscoil Iar-bhunscoil Iar-bhunscoil Iar-bhunscoil</b>	<b>8.3%</b>
<b>Bunscoil Iar-bhunscoil Iar-bhunscoil Iar-bhunscoil</b>	<b>18.6%</b>
<b>Iar-bhunscoil Iar-bhunscoil Iar-bhunscoil Iar-bhunscoil</b>	<b>24.8%</b>

Go suntasach, tá an-mhéadú tagtha ar an éileamh ar Ghaelscolaíocht ag leibhéal na hIar-bhunscolaíochta, de réir mar a éiríonn níos mó tuismitheoirí agus daltaí cinnte de na buntáistí breise a eascraíonn as an Ghaelscolaíocht agus an dátheangachas go ginearálta.

Le linn an fháis seo, tá Comhairle na Gaelscolaíochta ag déanamh ionadaíochta ar an earnáil sa Phróiseas Pleanála Ceantair, ag cinntiú go dtabharfar moltaí Forbartha do rolluithe méadaithe agus cóiríocht riachtanach chun cinn agus go ndéanfar socruithe do shuíomhanna nua. Tá an Chomhairle, trína Plean Earnála GS, a foilsíodh in 2016, ag cur ina luí go láidir ar an Roinn Oideachais go bhfuil gá le réimse feabhsuithe ar an earnáil agus an gá atá le tabhairt go práinneach faoi éagothroime i dtaca le tosaíochtaí, acmhainní, cóiríocht agus láithreáin oideachais san earnáil.

---

Dá bhrí sin, feicfidh an chéad phlean trí bliana eile do Chomhairle na Gaelscolaíochta athrú leanúnach ar an bhéim i dtreo an daingnithe laistigh den earnáil, ag neartú staid na scoileanna beaga chun bogadh i dtreo na hinbhuanaitheachta. Tá muid ag moladh go láidir don earnáil a chinntiú go bhfuil na hacmhainní cearta ar fáil chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí oideachais dár ndaoine óga agus chun an rialtas a choinneáil freagrach as a dhualgais reachtúla a sheachadadh dár scoileanna agus dár leanaí.

Liam Ó Flannagáin, PFO

---

## 3. Brollach agus Cúlra

---

Is í Comhairle na Gaelscolaíochta (Comhairle/CnaG) an eagraíocht atá freagrach as comhairle a sholáthar maidir le forbairt agus soláthar na Gaelscolaíochta (GS) don Roinn Oideachais (RO). Chuir Comhaontú Bhéal Feirste, ar a dtugtar Comhaontú Aoine an Chéasta, dualgas reachtúil ar RO *“oideachas trí mheán na Gaeilge a spreagadh agus a éascú.”* Bhí foráil in Airteagal 89 den Ordú Oideachais (TÉ) 1998 a tháinig ina dhiaidh, chun ligean don RO deontais a íoc le haon *“chomhlacht a fheictear don Roinn go bhfuil sé mar chuspóir acu GS a spreagadh nó a chur chun cinn.”* In 2000, bhunaigh RO Comhairle na Gaelscolaíochta chun an fheidhm seo a chomhlíonadh.

Cuireann Comhairle na Gaelscolaíochta tacaíocht agus cuidiú ar fáil dóibh siúd atá páirteach san earnáil GS i gceithre réimse leathana;

- Tacaíocht don soláthar reatha: Éascaíonn Comhairle na Gaelscolaíochta forbairt na gaelscolaíochta reatha ag leibhéal réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile;
- Forbairt Phleanáilte: Éascaíonn Comhairle na Gaelscolaíochta fás agus forbairt leanúnach na hearnála GS trí straitéis spásúlachta a chur i bhfeidhm d'fhorbairt GS i gcomhpháirtíocht agus i gcomhar le comhpháirtithe oideachais eile;
- Ról abhcóideachta agus margaióchta a dhéanamh ar son na hearnála le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí san earnáil dheonach, phríobháideach agus phoiblí, polaiteoirí, páirtithe polaitíochta agus an pobal i gcoitinne;
- Tacú le teaghlaigh a chuireann leanaí chuig Gaelscolaíocht: tacaíocht a sholáthar do theaghlaigh agus do leanaí a fhreastalaíonn ar GS ar bhealaí a thacóidh lena bhforbairt oideachasúil lasmuigh de shuíomh na scoile a chuirfidh lena dtorthaí oideachais.

## Earnáil na Gaelscolaíochta: Fás agus Forbairt


Thosaigh an earnáil GS i dtuaisceart Éireann nuair a bunaíodh bunscoil lán-Ghaeilge neamhspleách “Bunscoil Feirste” i 1971 agus tá fás suntasach tagtha uirthi le 45 bliain anuas. Níl i gceist le Gaelscolaíocht ach cuid bheag den earnáil oideachais (c.2.5%) ach ciallaíonn an fhíríc seo go bhfuil poitéinseal suntasach ag an earnáil leathnú.

### Fás stairiúil agus réamh-mheasta na hearnála

Cé go bhfuil fás seasmhach faoin earnáil le 45 bliain anuas, tá luas an mhéadaithe seo i ndiaidh dul chun cinn le deich mbliana anuas go háirithe. Chiollaigh sé seo gur mhéadaigh rolluithe foriomlána ag leibhéal bunscoile ó 2,742 i Meán Fómhair 2009 go dtí líon réamh-mheasta de 4442 i Meán Fómhair 2019. Is ionann seo agus fás de thart ar 65% san earnáil le deich mbliana anuas. Le linn na tréimhse céanna, tá méadú beagnach 80% tagtha ar an líon daltaí a thagann isteach san earnáil ó 393 dalta in 2009 go 706 measta i Meán Fómhair 2019.


Tá an fás san earnáil tapa agus seasmhach araon agus léiríonn na graif seo a leanas an treocht fáis le 10 mbliana anuas, i gcéimeanna Bunscoile agus iar-bhunscoile:

### Fás Rolluithe Earnáil Bhunscolaíochta lán-Ghaeilge 2008/09-2018/19



**Fás Rolluithe Earnáil na hIar-bhunscolaíochta  
2009-2019**

**Growth in IM Post-Primary Enrolments  
2009 - 2019**



Léiríonn an patrún fáis seo, fiú le fás measartha réamh-mheasta de 2% in aghaidh na bliana (ag fás faoi láthair ag ráta iarbhir de 4.5% in aghaidh na bliana), go dtiocfadh méadú 33% ar líon na ndaltaí san earnáil as seo go ceann seacht gcéad eile.

Tá sé thar a bheith tábhachtach, dá bhrí sin, anailís a dhéanamh ar na treochtaí maidir le rolluithe atá ag dul i méad agus pleanáil go straitéiseach chun an soláthar atá ann cheana a leathnú agus a fheabhsú chun freastal ar fhás sa toadhchá, lena n-áirítear an gá le múinteoirí, acmhainní teagaisc, cóiríocht nua breise etc.



**Tairbhithe Scéim Sparánachta na Gaelscolaíochta**



---

## **Rolluithe Inbhuanaithe a Thógáil laistigh den Earnáil**

Le cúig bliana anuas ghlac CnaG le straitéis daingnithe laistigh den earnáil chun inbhuanaitheacht na scoileanna atá ann cheana féin a mhéadú. Níor thug CnaG tús áite do sholáthar bunscolaíochta GS nua agus ina áit sin thacaigh sí le scoileanna atá ann cheana chun iontrálacha agus rollú a thógáil chun a n-inbhuanaitheacht a fheabhsú. Léirítear é seo trí mheánmhéid líon na ndaltaí i Rang 1 a mheas a mhéadaigh ó 14 dalta in aghaidh an ranga in 2009 go 20 dalta in 2018/19 – fás 43%.

Tá CnaG ag díriú ar thacaíocht a thabhairt do scoileanna le bheith inbhuanaithe, i dtéarmaí na gcritéar cáilíochtúil agus na gcritéar cainníochtúil araon agus tá sé ag díriú acmhainní ar scoileanna agus ar cheantair a bhfuil dúshlán shonracha acu nó nár chomhlíon an spriochairseach rollaithe fadtéarmach. Is é fócas CnaG patrún iontrálacha inbhuanaithe a thógáil laistigh de scoileanna a dhéanfaidh, thar an fhadtéarma, na figiúirí íosta rollaithe atá beartaithe a chomhlíonadh agus a shárú, agus leanúint le staid na scoileanna beaga straitéiseacha a chosaint.

Cuid ríthábhachtach den phróiseas daingnithe seo is ea seachadadh na bhfoirgneamh, na láithreán agus na n-acmhainní riachtanacha chun timpeallacht foghlama ardchaighdeán a sholáthar chun freastal ar an leibhéal iontrála seo.


Ar an drochuair, tá saoráidí bochta, foirgnimh a bhfuil drochbhail orthu agus easpa spáis chun freastal ar dhaltaí nua fós an-fhairsing inár n-earnáil agus cruthaíonn siad constaicí móra ar scoileanna a bheith in ann a n-iontrálacha a thógáil agus tá an éifeacht dhiúltach seachas éifeacht dhearfach acu maidir le hoideachas Gaelscolaíochta a spreagadh agus a éascú. Leanfaidh feabhas a chur ar eastát na scoileanna GS mar phríomhréimse gníomhaíochta do CnaG.



**Bunscoil Bheann Mhadagáin, Béal Feirste Thuaidh, Foirgneamh Nua**

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le rolluithe agus iontrálacha a thógáil le 5 bliana anuas. Tá laghdú ollmhór tagtha ar líon na scoileanna lán-Ghaeilge a bhfuil rollú acu faoi bhun na dtairseach íosta rollaithe do Bheartas Scoileanna Inbhuanaithe ó 21 i 2009 go 12 sa bhliain acadúil 2018/19; is ionann seo agus méadú 32% ar líon na scoileanna GS inbhuanaithe.

**Bunscoileanna lán-Ghaeilge Os Cionn /Faoi Bhun Tairseach Rollaithe 2009-2019**



Os cionn Tairseach Rollaithe

Faoi bhun Tairseach Rollaithe

---

## Príomhdhúshláin eile atá roimh an Earnáil GS

In athbhreithniú ar na dúshláin bheartais agus timpeallachta oideachais atá roimh an earnáil a ndearnadh anailís orthu i b*Plean Earnála Gaelscolaíochta CnaG*, aithnítear roinnt príomhréimsí ar a mbeidh Comhairle ag díriú chun feabhsúcháin a thiomáint, mar aon le príomhpháirtithe, lena n-áirítear.


- Riachtanais Speisialta Oideachais (SRO) agus soláthar Ionad Tacaíochta Foghlama
- Seirbhísí Tacaíochta Scoile lán-Ghaeilge, go háirithe laistigh den Údarás Oideachais
- Forbairt an Phobail Foghlama lán-Ghaeilge
- Plean Forbartha Soláthar Múinteoirí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear speisialtóirí ábhair ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta
- Soláthar Acmhainní do scoileanna GS lena n-áirítear feidhmiú céimneach nua C2K, uirlisí measúnaithe agus creat teanga le haghaidh GS
- Forbairt agus Tacaíocht don Earnáil Réamhscoile GS agus don Earnáil Luathbhlianta GS
- Tacaíocht do Bhoird Ghobharnóirí i scoileanna GS
- Comhoibriú Trasteorann, go háirithe an Buanchoiste Thuaidh-Theas a bhunú arís.



**Cruinniú d'Fhóram na bPríomhoidí lán-Ghaeilge, Meitheamh, 2019**


## 4. Struchtúr Eagraíochtúil faoi Láthair

Is é bord deonach de 14 stiúrthóir a bhainistíonn Comhairle na Gaelscolaíochta. Is trí ghrúpaí agus eagraíochtaí ainmnithe a bhfuil spéis acu in GS a ainmnítear ballraíocht an Bhoird Stiúrthóirí. Tá gach ceann de na heagraíochtaí ainmniúcháin seo i dteideal ionadaí amháin a ainmniú don Bhord Stiúrthóirí. Tá na grúpaí agus a dteidlíocht ainmniúcháin leagtha amach i bhFíor 1.



*Fíor 1 Bord Stiúrthóirí Chomhairle na Gaelscolaíochta*


Déanann an Príomhfheidhmeannach agus ceathrar ball foirne sinsearach bainistíocht ar Chomhairle na Gaelscolaíochta ó lá go lá. Chomh maith leis sin tá triúr oifigeach comhairleach agus beirt bhall foirne riaracháin fostaithe ag Comhairle na Gaelscolaíochta Tá na struchtúir foirne leagtha amach anseo thíos i bhFíor 2.



*Fíor 2 Struchtúr Eagraíochtúil Chomhairle na Gaelscolaíochta*

Tá sraith aidhmeanna agus cuspóirí comhaontaithe sa Phlean Corparáideach seo a threoróidh obair Chomhairle na Gaelscolaíochta go ceann trí bliana. Déanfar gach gnó de chuid Chomhairle na Gaelscolaíochta laistigh de chreat an Phlean Chorparáidigh. Cuideoidh sé seo leis na próisis chinnteoireachta eagraíochtúla a éascú, cuirfear ar fáil dá bharr an deis chun an éifeachtúlacht uasta a bhaint amach.

Déanann Comhairle na Gaelscolaíochta freagracht an Bhoird a tharmligean chuig ceithre fhochoiste bhuna a chuireann fóram ar fáil do Stiúrthóirí chun saincheistanna áirithe a anailísiú agus a phlé sula ndéantar moltaí don Bhord lena ndaingniú. I bhFíor 3 léirítear struchtúr na bhfochoistí.



**Fíor 3:** Struchtúr Fochoiste Chomhairle na Gaelscolaíochta

---

# 5. Fís, Misean agus Príomhaidhmeanna Straitéiseacha

---

Is é **fís** Chomhairle na Gaelscolaíocht d'earnáil na Gaelscolaíochta na;

*Líonra de ghaelscoileanna fuinniúla, inbhuanaithe, ó réamhscolaíocht go hiarbhunscolaíocht, a sholáthróidh oideachas d'ard-chaighdeán, a bheidh i gcroílár pobal labhartha Gaeilge atá i mbéal forbartha.*

Is é **misean** Chomhairle na Gaelscolaíochta;

*Cur le forbairt pobal labhartha Gaeilge beoga trí rochtain ar Ghaeloideachas ardchaighdeain a chinntiú do gach duine ar mhaith leo é.*



## Daltaí agus Foireann Ghaelcholáiste Dhoire

### Príomhaidhmeanna Straitéiseacha

#### Aidhm 1

**Feidhmiú go héifeachtach mar eagraíocht tacaíochta earnála** ó réamhscolaíocht go hiarbhunscolaíocht, aonaid Gaelscolaíochta san áireamh; feidhmiú iomlán an Dualgais Reachtuil i leith na Gaelscolaíochta a chinntiú agus le dul i ngleic le neamhionannais soláthair.

#### Aidhm 2

**Earnáil na Gaelscolaíochta a fhorbairt agus a dhaingniú** le hinbhuanaitheacht scoileanna agus soláthar aiseanna d'ardchaighdeán a chinntiú; cóiríocht, acmhainní, aiseanna teagaisc agus foghlama, RSO agus soláthar agus tacaíocht múinteoirí san áireamh.



### Aidhm 3

Coláisteacht agus dea-chleachtas a chothú in earnáil na Gaelscolaíochta agus comhoibriú le forais tacaíochta sheachtracha i dtaca le feabhsú scoileanna agus cúrsaí gobharnóireachta de, mar a bhaineann go sonrath leis an ghaelscolaíocht.

### Aidhm 4

Cur le forbairt teaghlach agus pobal labhartha Gaeilge trí bhuntáistí na Gaelscolaíochta, na Gaeilge agus an dátheangachais a chur ar aghaidh, agus le líonrú a chothú le heagraíochtaí Gaeilge agus pobail eile, go háitiúil agus ar bhonn uile-Éireann.



### **Comhdháil Bhliantúil Chomhairle na Gaelscolaíochta**



---

## Aidhm 5

**Soláthar ardchaighdeán a spreagadh agus a éascú i ngach céim den Ghaelscolaíocht** agus le habhcóideacht éifeachtach a dhéanamh i measc na bhforas go léir a bhfuil baint acu le barr feabhais a bhaint amach san earnáil, chun na torthaí oideachasúla is fearr a chinntiú dár bpáistí.



**An Ghaelscolaíocht á Ceiliúradh, Halla na Cathrach, Aibreán, 2019**

---

## 6. Treoirphrionsabail

---

Beidh roinnt treoirphrionsabal mar threoir ag Comhairle na Gaelscolaíochta.

- a. **Leas an Pháiste:** Cinnteoidh CnaG go bhfreastalaíonn sé ar leasanna agus ar chearta an linbh i ngach rud a dhéanann sé.
- b. **Éiteas Gaeilge:** Déanfaidh CnaG iarracht éiteas láidir Gaeilge a chur chun cinn agus tuiscint ar phrionsabail na pleanála teanga agus na tumfhoghlama teanga ag gach leibhéal san earnáil.
- c. **Faoi thionchar na hearnála:** Féachfaidh CnaG le feabhas leanúnach a chur ar a rannpháirtíocht leis an earnáil lena chinntiú go léiríonn sí a tuairimí, a mianta agus a buarthaí go cruinn.
- d. **Cuntasacht:** Beidh rialachas agus bainistíocht CnaG cuntasach d'eagraíochtaí na hearnála GS, do thuismitheoirí agus don Roinn Oideachais maidir lena freagrachtaí i dtaca lena fíis a sheachadadh agus i dtaca le caiteachas cistí poiblí.
- e. **Misneach agus Ionracas:** Léireoidh CnaG misneach agus ionracas agus iad ag seasamh suas ar son leasanna ár ndaltaí, ár bhfoirne agus ár dteaghlach agus iad ag déileáil leis an rialtas agus le leasanna cumhachtacha eile.
- f. **Comhpháirtíocht & Cuimsitheacht:** Cuirfidh Comhairle na Gaelscolaíochta cuimsitheacht chun cinn ina cuid gníomhaíochtaí agus oibreoidh sí chun comhpháirtíochtaí a chruthú laistigh den earnáil phobail agus dheonach, agus thar raon na n-eagraíochtaí reachtúla, polaitiúla agus príobháideacha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an ghaelscolaíocht.

---

## 7. Comhairle na Gaelscolaíochta Bord Stiúrthóir, 2019

---

<b>Ainm</b>	<b>Oifig</b>	<b>Údarás Ainmniúcháin</b>
Gerard P Adams	Cathaoirleach	RO
Gillian McGrath		CSCC
Muireann Ní Mhóráin		COGG
Seosamh Ó Coinne		Foras na Gaeilge
Seán Mac Corraidh		NISC
Diarmaid Ua Bruadair		Iar-bhunscoil
Máire Uí Dhochartaigh		Bunscoil
Áine-Máire Uí Néill		Réamhscoil
Pádraig Ó Mianáin		Tuismitheoir
Niall Ó Catháin		Gobharnóir
Áine Andrews		Altram
Alison Mc Crudden		RO
Pauline O'Hare		CnaG
Pádraig Ó Tiarnaigh		CnaG

---

## 8. Eagraíochtaí Comhpháirtíochta

---

Anseo thíos tá liosta (neamh-uileghabhálach) de phríomheagraíochtaí comhpháirtíochta Chomhairle na Gaelscolaíochta:

- Altram
- An tÁisaonad
- Pleanáil Ceantair; Grúpaí Stiúrtha agus Oibre Áitiúla
- C2k
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CSCC)
- Comhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCSM)
- Comhpháirtíochtaí Cúraim Leanaí
- An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
- Conradh na Gaeilge
- An Roinn Oideachais
- An tÚdarás Oideachais
- An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (COO)
- Fóram na nÓg
- Foras na Gaeilge
- Gaeloideachas
- Gaelchultúr
- Gael Linn
- Iontaobhas na Gaelscolaíochta
- Pobal Foghlama Gaeilge
- Comhairle Thuaisceart Éireann um Leanaí agus Óige (NICCY)
- Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Imeachtha (NICIE)
- Páirtithe Polaitíochta
- Grúpa Réamhscolaíochta (PEG)
- Coláiste Ollscoile Naomh Muire
- Ollscoil Uladh